I ndiaidh leasuithe a moladh i leith chruthú na gnáthóige móintigh thirim, le cois mhéadú achar an fheabhsúcháin gnáthóg scréachóg reilige ag an Mionlach ó c.8ha to c.8.9ha (achar léirithe ar an bpláta thíos), is é seo a leanas an téacs athbhreithnithe a cuireadh i láthair i Mír 1.1 den Fhreagairt ar Cheisteanna a Ardaíodh i Modúl 1 de dhoiciméad Éisteacht ó Bhéal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (lch. 4).

"Is é an chonclúid, cé go meastar go gcaillfear c.9.9ha de ghnáthóg scréachóg reilige faoi 5km de shuíomh neadacha Chaisleán Mhionlaigh, is é an toradh a bheidh ar chruthú: (i) c.8.9ha de ghnáthóg féaraigh ghairbh ag Mionlach (trí fheidhmiú an chuir chuige athbhreithnithe innilt eallaigh); (ii) c.1.81ha de ghnáthóg féaraigh Chailcrigh ag Mionlach; agus (iii) c.0.4~~1.95~~ha de ghnáthóg mhóintigh Thirim siar ó Abhainn na Coiribe c.11.11~~76~~ha de ghnáthóg scréachóg reilige á gcruthú/bhfeabhsú. Beidh c.1.21~~86~~ha de ghnáthóg scréachóg reilige bhreise ann dá bharr agus í faoi réim foráiste de shuíomh neadacha Chaisleán Mhionlaigh de thairbhe na forbartha molta bóthair.

De bharr mhéadú achar na gnáthóige a bheidh á bhainistiú, méadaítear an líon eallaigh atá de dhíth chun an dlús riachtanach stocála a chomhlíonadh ó 11 go 13. Is é seo a leanas an téacs athbhreithnithe a cuireadh i láthair i Mír 1.1 den Fhreagairt ar Cheisteanna a Ardaíodh i Modúl 1 de dhoiciméad Éisteacht ó Bhéal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (lch. 3).

"I ndiaidh cheist an SPNF Dé Mairt 25 Feabhra 2020 ag an éisteacht ó bhéal, pléadh cur chuige feabhsaithe eile le John Lusby (BirdWatch Ireland) chun iomlán an fhéaraigh c.8.9ha ag Caisleán Mhionlaigh a bhainistiú atá á mholadh faoi láthair i gcomhair feabhsúchán gnáthóg ialtóg, i gcomhair gnáthóg scréachóg reilige (Pláta 1 de Ráiteas Fianaise Bithéagsúlachta Aebhin Cawley). Bhainfeadh sé seo leis an limistéar a innilt ar feadh trí mhí idir mí Iúil agus Deireadh Fómhair ag eallach ar ráta stocála 0.35 d'aonaid bheostoic/ha (.i. ag úsáid c.~~11~~ 13 ceann eallaigh). Ba é an toradh a bheadh ar an gcur chuige athbhreithnithe seo i leith cruthú gnáthóg scréachóg reilige c.8.9ha de ghnáthóg talamh feirme bainistithe déine íseal ar mhó an sochar don líon áitiúil scréachóg reilige ná an moladh reatha. Moltar anois glacadh leis an gcur chuige feabhsaithe seo ar toradh dó c.8.9ha breise de ghnáthóg scréachóg reilige ar an láthair seo."

Leis na hathbhreithnithe seo, ní athraítear an ráiteas a tugadh cheana féin go mbeidh glanmhéadú foriomlán i ngnáthóg scréachóg reilige laistigh de réim foráiste shuíomh neadacha Chaisleán Mhionlaigh de bharr na forbartha molta bóthair.

## Pláta ina léirítear limistéar 8.9ha an fheabhsúcháin gnáthóg scréachóg reilige ag an Mionlach

